


Trí Scéal Nuachta

Ceist 1

Beidh tú ag féachaint ar ball ar thrí scéal nuachta. Féach féin agus an duine in aice leat ar na focail seo a bheidh le cloisteáil sa mhír. An féidir libh na focail Ghaeilge a cheangal leis na focail Bhéarla?



1. monarcha	a. <i>beef prices</i>
2. lonnaithe	b. <i>demonstrating</i>
3. táirgeann	c. <i>suspicious</i>
4. baill	d. <i>factory, plant</i>
5. i mbun léirsithe	e. <i>produces</i>
6. ionad dáileacháin	f. <i>situated</i>
7. praghsanna mairteola	g. <i>treat</i>
8. cuir cóir leighis ar	h. <i>distribution centre</i>
9. neamhspleách	i. <i>independent</i>
10. amhrasach	j. <i>members</i>

1	2	3	4	5	6	7	8	9	10

Anois, féach ar an tuairisc den chéad uair le feiceáil an féidir leat na focail sin a aithint sa mhír nuachta.

Ceist 2

Féach ar an tuairisc den dara huair agus freagair na ceisteanna thíos:

1. Cé mhéad post a chailfear san Inbhear Mór?
2. Cá mbeidh na poist sin lonnaithe amach anseo?
3. Cén fáth a bhfuil na feirmeoirí i mbun agóide?
4. Cad a deir Joe Healy?
5. Cén fáth ar cuireadh cóir leighis ar Michael Healy-Rae?
6. An raibh coirloscadh i gceist?

Ceist 3 Féach ar an tuairisc arís agus bain úsáid as na focail ó **Ceist 1** thuas chun cur síos a dhéanamh don duine in aice leat ar na trí scéal sa mhír.

Scéal 1

Scéal 2

Scéal 3

Ceist 4 An t-urú

Tá gach urú in easnamh sa script thíos. Scríobh isteach gach cearn anois.

Scéal 1

Tá 150 post le himeacht i monarcha *Rondo Food*, atá lonnaithe san Inbhear Mór i Contae Chill Mhantáin. Comhlacht as an Gearmáin is ea é *Rondo Food*, a tháirgeann bia do mhadraí agus do chait.

Agus tá an mhonarcha san Inbhear Mór le dúnadh ag deireadh mhí Eanáir. Dúirt *Rondo Food* gur glacadh gach ní san áireamh sula dearnadh an cinneadh. Aistrefar an obair thar n-ais chun na Gearmáine anois.

Scéal 2

Bhí baill de Chumann na Feirmeoirí, an IFA, i bun léirsithe lasmuigh d'ionad dáileacháin *Tesco*, i tuaisceart Chontae Bhaile Átha Cliath ar maidin.

Is é seo an tríú hionad dáileacháin a bhfuil na feirmeoirí tar éis léirsiú os a chomhair, faoi phraghsanna mairteola le déanaí.

Dúirt Uachtarán an Chumainn, Joe Healy, go bhfuil an bhearna ag leathnú i cónaí idir an praghas atá feirmeoirí ag fáil dá cuid mairteola anseo agus an chuid eile den Eoraip.

Scéal 3

Cuireadh cóir leighis ar an Teachta Dála Neamhspleách, Michael Healy-Rae, d'análú deataigh ar maidin. D'fhulaing an Teachta Dála análú deataigh tar éis do thine briseadh amach ina oifig i Cill Gharbháin, i Contae Chiarraí.

Cuireadh fios ar na Seirbhísí Éigeandála. Creideann na Gardaí gur timpiste a bhí ann agus nach bhfuil aon ní amhrasach faoin eachtra.

Ceist 5 Malairt bhrí

Bhí malairt bhrí na bhfocal thíos le cloisteáil sa mhír. An féidir leat iad a aimsiú?

le teacht
ag tús
laistigh
deisceart
le fada
ag laghdú, ag cúngú

Ceist 6

Pléigh na ceisteanna leis na daoine eile i do ghrúpa:

1. An bhfuil aon pheata agat? Cad a itheann sé?
2. Cén fáth a mbíonn daoine ag léirsiú de ghnáth?
3. Cé hiad na Teachtaí Dála i do dháilcheantar? An bhfuil aithne agat orthu?

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1

1	2	3	4	5	6	7	8	9	10
d	f	e	j	b	h	a	g	i	c

Ceist 2

Féach an script.

Ceist 3

Féach an script.

Ceist 4

Scéal 1

Tá 150 post le himeacht i monarcha *Rondo Food*, atá lonnaithe san Inbhear Mór i **g**Contae Chill Mhantáin. Comhlacht as an **n**Gearmáin is ea é *Rondo Food*, a tháirgeann bia do mhadraí agus do chait.

Agus tá an mhonarcha san Inbhear Mór le dúnadh ag deireadh mhí Eanáir. Dúirt *Rondo Food* gur glacadh gach ní san áireamh sula **n**dearnadh an cinneadh. Aistrefar an obair thar n-ais chun na Gearmáine anois.

Scéal 2

Bhí baill de Chumann na **bh**Feirmeoirí, an IFA, i **mbun** léirsithe lasmuigh d'ionad dáileacháin *Tesco*, i **dtuaisceart** Chontae Bhaile Átha Cliath ar maidin.

Is é seo an tríú hionad dáileacháin a bhfuil na feirmeoirí tar éis léirsiú os a chomhair, faoi phraghsanna mairteola le déanaí.

Dúirt Uachtarán an Chumann, Joe Healy, go bhfuil an bhearna ag leathnú i **gcónaí** idir an praghas atá feirmeoirí ag fáil dá **gcuid** mairteola anseo agus an chuid eile den Eoraip.

Scéal 3

Cuireadh cóir leighis ar an Teachta Dála Neamhspleách, Michael Healy-Rae, d'análú deataigh ar maidin. D'fhulaing an Teachta Dála análú deataigh tar éis do thine briseadh amach ina oifig i **gCill** Gharbháin, i **gContae** Chiarraí.

Cuireadh fios ar na Seirbhísí Éigeandála. Creideann na Gardaí gur timpiste a bhí ann agus nach bhfuil aon ní amhrasach faoin eachtra.

Ceist 5

le teacht – le himeacht
ag tús – ag deireadh
laistigh – lasmuigh
deisceart – tuaisceart
le fada – le déanaí
ag laghdú, ag cúngú – ag leathnú

Ceist 6

Is féidir gach triúr nó ceathrar a chur ag déanamh an phlé seo agus ansin na ceisteanna a phlé leis an rang iomlán.

Siún Nic Gearailt

Scéal 1

Tá 150 post le himeacht i monarcha *Rondo Food*, atá lonnaithe san Inbhear Mór i gContae Chill Mhantáin

Comhlacht as an nGearmáin is ea é *Rondo Food*, a tháirgeann bia do mhadraí agus do chait.

Agus tá an mhonarcha san Inbhear Mór le dúnadh ag deireadh mhí Eanáir. Dúirt *Rondo Food* gur glacadh gach ní san áireamh sula ndearnadh an cinneadh. Aistrefar an obair thar n-ais chun na Gearmáine anois.

Scéal 2

Bhí baill de Chumann na bhFeirmeoirí, an IFA¹, i mbun léirsithe lasmuigh d'ionad dáileacháin *Tesco*, i dtuaisceart Chontae Bhaile Átha Cliath ar maidin.

Is é seo an tríú hionad dáileacháin a bhfuil na feirmeoirí tar éis léirsiú os a chomhair, faoi phraghsanna mairteola, le déanaí.

Dúirt Uachtarán an Chumainn, Joe Healy, go bhfuil an bhearna ag leathnú i gcónaí idir an praghas atá feirmeoirí ag fáil dá gcuid mairteola anseo agus an chuid eile den Eoraip.

Scéal 3

Cuireadh cóir leighis ar an Teachta Dála Neamhspleách, Michael Healy-Rae, d'análú deataigh² ar maidin. D'fhulaing an Teachta Dála análú deataigh tar éis do thine briseadh amach ina oifig i gCill Gharbháin, i gContae Chiarraí.

Cuireadh fios ar na Seirbhísí Éigeandála. Creideann na Gardaí gur timpiste a bhí ann agus nach bhfuil aon ní amhrasach faoin eachtra.

¹ *Feirmeoirí Aontaithe na hÉireann* an teideal oifigiúil as Gaeilge

² *ionanálú deataigh* an leagan caighdeánach